Ainm an Dlí Nua agus a Uimhir	Cad a dhéanann an Dlí seo?	An Roinn Teagmhála	Sínithe ag an Uachtarán an
Acht an Choláiste Ollscoile, Gaillimh (Leasú), 2006 Uimh. 1 de 2006	Is é cuspóir an Achta seo ná leasú a dhéanamh ar alt 3 d'Acht Choláiste Phríomh-Scoile na Gaillimhe, 1929, a cheangail ar iarrthóirí a bhí le ceapadh chuig oifigí nó poist in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh a bheith inniúil sa Ghaeilge. Cuireann an tAcht oibleagáid a chinntiú go bhforálfaidh ceann de phríomhaidhmeanna gach plean forbartha straitéiseach de chuid na hOllscoile d'oideachas trí mheán a Gaeilge a chur ar fáil, in áit an cheanglais sin. Cuireann sé d'oibleagáid ar Uachtarán agus Údarás Ceannais na hOllscoile a chinntiú go gcuirtear an aidhm sin i bhfeidhm.	An Roinn Oideachais	23 Feabhra 2006
An tAcht um Chomhairle Mhúinteoireachta (Leasú) 2006 Uimh. 2 de 2006	Ceartaíonn an tAcht seo deacracht reachtúil i ndáil leis an gComhairle Mhúinteoireachta. Baineann an cheist le cumhacht an Aire Rialacháin a dhéanamh a rialaíonn an chéad toghadh de chomhaltaí ar an gComhairle Mhúinteoireachta i gcásanna nach mbíonn tosach feidhme curtha le forálacha imfheidhme iomchuí den Acht um Chomairle Mhúinteoireachta 2001. Fógróidh an Bille nach ndéanfaidh an ceanglas in Acht 2001 tosach feidhme a chur le hailt iomchuí na Rialacháin a rinne an tAire an 10 Meán Fómhair 2004 i ndáil le chéad toghadh comhaltaí ar an gComhairle Mhúinteoireachta, nó aon rud a dhéantar faoi na Rialacháin sin, neamhbhailí.	An Roinn Oideachais agus Eolaíochta	4 Márta 2006
An tAcht um Bord Leigheasra na hÉireann (Forálacha Ilghnéitheacha), 2006 Uimh. 3 de 2006	Leasaíonn an tAcht seo roinnt Achtanna: An tAcht um Bord Leigheasra na hÉireann, 1995 An tAcht um Mí-Úsáid Drugaí, 1977 An tAcht um Rialú Trialacha Cliniciúla, 1987 An tAcht Sláinte, 1947	An Roinn Sláinte agus Leanaí	4 Márta 2006

	An tAcht Sláinte, 1970 An tAcht Sláinte, (Leasú), 1994 An tAcht um Leigheasanna Ainmhithe, 1993 Déileálann an tAcht go príomha le nithe teicniúla éagsúla a bhaineann le Bord Leigheasra na hÉireann (IMB). Go ginearálta, déanann an tAcht: - socrú chun feidhmeanna ceadúnaithe áirithe i ndáil le drugaí rialaithe a aistriú ón Roinn Sláinte agus Leanaí go dtí an IMB, - reachtaíocht na hÉireann maidir le táirgí liachta, táirgí cosmáideacha, táirgí tréidliachta, réamhchógais drugaí agus feistí liachta a thabhairt cothrom le dáta, agus freisin i ndáil le reachtaíocht AE, - forálacha cumasaithe a thabhairt isteach a cheadóidh d'altraí oideas a ordú ó bheidh reachtaíocht thánaisteach curtha i bhfeidhm, - foráil do lipéadú ar mhairteoil agus ar fheoil eile ag leibhéal miondíola nó bialainne, - soiléiriú ar incháilitheacht do scrúduithe déidliachta, éisteachta agus oftailmeacha do gach leanbh, agus leathnaíonn an incháilitheacht sin chuig gach leanbh, - foráil do ghníomhaíochtaí feabhsaithe oibríochta agus feidhmithe Bhord Leigheasra na hÉireann i ndáil le leigheasra agus rialú trialacha cliniciúla, agus - soiléiriú ar an mbonn dlíthiúil i ndáil leis an IMB a bheith ag bailiú táillí leigheasra tréidliachta.		
An tAcht Iomaíochta (Leasú) 2006	An 20ú Márta 2006, tháinig an tAcht Iomaíochta	An Roinn Fiontar,	11 Márta 2006

Uimh. 4 de 2006	(Leasú), 2006 i bhfeidhm agus chuir sé deireadh le hOrdú na nEarraí Grósaera 1987. Neartaigh an reachtaíocht forálacha an Achta Iomaíochta 2002 trí chosc a chur go sonrach ar íosphraghsanna miondíola a bheith á socrú ag soláthróirí (cothabháil ar phraghas athdíola), ar idirdhealú míchothrom, ar liúntais fógraíochta a íoc agus ar "airgead cuairte" sa trádáil grósaera. D'iarr an tAire Martin ar an Údarás Iomaíochta, i gcomhoibriú leis an Stiúrthóir um Ghnóthaí Tomhaltóra, athbhreithniú agus faireachán a dhéanamh ar struchtúr agus ar oibriú na trádála grósaera don todhchaí amach romhainn lena fheiceáil conas a fhreagróidh sé don timpeallacht nua reachtúil.	Trádála agus Fostaíochta	
An tAcht um Athchóiriú an Dlí Leasa Shóisialaigh agus um Pinsin, 2006 Uimh. 5 de 2006	Forálann an tAcht seo do roinnt beart a fógraíodh i mBuiséad 2006, lena n-áirítear arduithe i Sochar leanaí agus sa Deontas Cúraim Faoisimh, an tairseach ioncaim don Íocaíocht Teaghlaigh Aontuismitheora a ardú, tréimhse an tSochair Chúramóra a leathnú agus an bonn reachtúil d'íocaíocht an Fhorlíonadh Luath-Chúram Leanaí. Forálann sé freisin d'íocaíocht tacaíochta neamh-ranníocach caighdeánach a thabhairt isteach do dhaoine atá os cionn 66 bliana d'aois – An Pinsean Stáit (Neamh-ranníocach), d'aistriú uathoibríoch an Phinsin Seanaoise (Ranníocach) d'fhaighteoirí Pinsin Easláine nó Pinsin Scoir ar 66 bliana a shlánú agus do theidil roinnt scéimeanna leasa shóisialaigh a athrú.	An Roinn Leasa Shóisialaigh	24 Márta 2006

	Chomh maith leis sin, tá leasuithe ann ar roinnt Achtanna eile, lena n-áirítear Acht na bPinsean, an tAcht um Shaoire Cúramóra, an tAcht um Shaoráil Faisnéise, an tAcht Comhdhlúite Cánacha agus an tAcht um Ghníomhaireacht do Chomhrac na Bochtaine.		
An tAcht Airgeadais, 2006 Uimh. 6 de 2006	Tugann an tAcht seo foirm reachtúil do na tograí cánachais i Ráiteas Buiséid an 7 Nollaig 2005. Tá forálacha freisin ann atá mar thoradh ar bhearta Buiséid agus athruithe eile sa chód cánachais. Tá 6 chuid san Acht ag clúdach Cáin Ioncaim, Cáin Chorparáide, Cáin Ghnóchan Caipitiúil, Mál, Cáinbhreisluacha, Dleachtanna Stampa, Cáin Fháltas Caipitiúil agus Ilghnéitheach. Tá 130 alt agus 2 sceideal san Acht i mbliana. I gcomhar leis an Acht, foilsítear Meamram Mínithe a thugann míniú ar gach alt.	An Roinn Airgeadais	4 Aibreán 2006
An tAcht Eitlíochta, 2006 Uimh. 7 de 2006	Leasaítear an tAcht um Údarás Eitlíochta na hÉireann, 1993, an tAcht um Rialáil Eitlíochta, 2001 agus Acht Aer Lingus 2004, leis an Acht seo agus déantar forálacha freisin ann do nithe gaolmhara. Ceadóidh an tAcht d'Éirinn Coinbhinsiún Athbhreithnithe Eurocontrol, a síníodh an 27 Meitheamh 1997, a dhaingniú. Is é Eurocontrol Eagraíocht na hEorpa um Shábháilteacht na hAerloingseoireachta. Rinneadh athbhreithniú ar Choinbhinsiún Eurocontrol 1960 sa bhliain 1997 chun na hathruithe i dtimpeallacht pholaitiúil agus oibríochtúil na bainistíochta aerthráchta, a bhfeidhmíonn an Eagraíocht laistigh de, a chur san áireamh.	An Roinn Iompair	4 Aibreán 2006

	Baineann na leasuithe ar an Acht um Rialáil Eitlíochta, 2001 leis an gCoimisiún um Rialáil Eitlíochta a ainmniú le déanaí mar an eagraíocht atá freagrach as riaradh a dhéanamh ar Rialachán an AE maidir le dul ar bord a dhiúltú. Forálann na leasuithe freisin do roinnt leasuithe nósanna imeachta i ndáil le próisis achomhairc chun muirir aerfort Bhale Átha Cliath a chinneadh. Baineann an leasú ar Acht Aer Lingus, 2004 leis an ngá a bhí le deireadh a chur le haon amhras dlíthiúil faoi theideal Iontaobhas Scair-Úinéireachta d'Fhostaithe Aer Lingus ar na scaireanna a tugadh dó nuair a tharla an t-aistriú scaireanna roimh thosach feidhme na forála iomchuí den Acht.		
An tAcht Iascaigh Mhara agus Dlínse Muirí, 2006 Uimh. 8 de 2006	Rinne an tAcht athmheas agus athdhearbhú ar fhorálacha iascaigh mhara na nAchtanna Iascaigh 1959 go dtí 2003 chun déanamh de réir Dhlí an AE (An Comhbheartas Iascaigh) agus an dlí náisiúnta (lena n-áirítear an dlí cánachais) a áirithiú. Forálann sé d'Údarás um Chosaint Iascaigh Mhara reachtúil, neamhspleách a bhunú chun an dlí iascaigh mhara agus an dlí sábháilteachta bia i ndáil le hiasc agus táirgí iascaigh a fhorghníomhú. Neartaigh sé an tAcht um Lárionaid Chuanta Iascaigh 1968 chun íocaíochtaí rátaí agus muirir i ndáil le soithí a áirithiú agus thug sé na hAchtanna um Dhlínse Mhuirí 1959 go dtí 1988 cothrom le dáta agus tháinig sé ina n-áit. Tugann an tAcht an dlí maidir le clárú bád iascaigh mhara agus maidir le ceadúnú dobharshaothraithe cothrom le dáta agus forálann d'aisghairm 8 nAcht Iascaigh atá i léig (1470, 1516, 1845, 1846, 1909, 1931 agus 1951 (2))	An Roinn Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha	4 Aibreán 2006

	agus d'aisghairm fhorálacha in 8 nAcht Iascaigh (1959 go dtí 2003) eile agus i 7 nAcht eile atá caite nó a bhfuil forálacha eile tagtha ina n-áit.		
An tAcht um Fhostaithe (Faisnéis agus Comhchomhairle a Sholáthar), 2005 Uimh. 9 de 2006	Is é príomhchuspóir an Bhille ná forálacha Threoir 2002/14/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle dar dáta an 11 Márta 2002 maidir le bunú socruithe chun faisnéis a sholáthar d'fhostaithe agus dul i gcomhairle leo i ngnóthais a fheidhmiú agus foráil a dhéanamh do nithe comhghaolmhara. Forálann an Bille do chreat ginearálta a bhunú a leagann amach na ceanglais íosta maidir le ceart na bhfostaithe ar fhaisnéis agus ar chomhchomhairle i gnóthais ina mbíonn 50 fostaí ar a laghad. Tugann sé ceart ginearálta d'fhostaithe ar fhaisnéis agus ar chomhchomhairle a fháil óna bhfostóir isteach i reachtaíocht na hÉireann den chéad uair riamh.	An Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta	9 Aibreán 2006
An tAcht um Chaidreamh agus Díolúine Taidhleoireachta (Leasú), 2006 Uimh. 10 de 2006	Leasaítear Cuid VIII den Acht um Chaidreamh agus Díolúine Taidhleoireachta, 1967 leis an Acht um Chaidreamh agus Díolúine Taidhleoireachta (Leasú), 2006, trí theorainn a chur ar chumhacht reachtúil a tharmligean. Cuireann an tAcht an teorainn isteach i gCuid VIII d'Acht 1976, arna leasú, gur pribhléidí agus díolúintí den chineál a bhronntar i ndáil le Coinbhinsiún Vín ar Chaidreamh Taidhleoireachta, 1961, amháin a fhéadfar a bhronnadh le hordú Rialtais. Forálann an tAcht freisin go mbeidh éifeacht ag na horduithe go léir a rinneadh faoi Chuid VIII d'Acht 1967, agus a bhí i bhfeidhm díreach roimh achtú an Achta, amhail agus go mb'Acht den Oireachtas iad.	An Roinn Gnóthaí Eachtracha	12 Aibreán 2006